COMHAD FÍRICÍ:
TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH GCSE
Aonad 2
COINCHEAPA DON CHEAPADÓIREACHT DHIGITEACH

Rewarding Learning

Cúrsaí Forbairt Dhigiteach

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- Cur síos agus luacháil a dhéanamh ar na comhéadain seo a leanas a fheidhmítear i bpacáistí a fhorbraítear go digiteach:
  - Comhéadan grafach úsáideora (GUI)
  - Comhéadan Teanga Nádúrtha
  - Comhéadan traiceála gluaisne
  - Scáileán tadhaill
- Cur síos ar cheisteanna a bhaineann le dearadh inrochtaineachta nuair a bhíonn feidhmchlár digiteach á fhorbairt
- Cuir síos ar cheisteanna a bhaineann le forbairt pacáistí atá comhoiriúnach ar réimse d'ardáin

Inneachar agus Sonraí á Léiriú

- Comhéadain
- Dearadh inrochtana
- Comhoiriúnacht

Comhéadan Grafach Úsáideora

Is é is GUI (fuaimnithe mar "*gooey*") ann ná comhéadan grafach úsáideora. Is é an cineál is coitianta de chomhéadan úsáideora atá in úsáid inniu é. Baineann sé úsáid as pictiúir, grafaicí agus deilbhíní – sin an fáth a bhfuil sé 'grafach' agus go meastar gur comhéadan furasta le húsáid é.

Úsáideann GUI comhéadan WIMP cionn is go n-úsáideann sé:

- ***W**indows* (fuinneoga) – osclaíonn gach feidhmchlár ina fhuinneog féin
- ***I**cons* (deilbhíní) – pictiúr nó siombail a úsáidtear le seasamh d'fheidhmchlár bogearraí nó gaireas crua-earraí
- ***M**enus* (Roghchláir anuas) – liosta roghanna a dtig leis an úsáideoir an rud atá uaidh a roghnú astu
- ***P**ointers* (Pointéirí) – cuidíonn siad seo leat rogha a dhéanamh ar scáileán m.sh. luch



Buntáistí	Míbhuntáistí
Inrochtana d'úsáideoirí de gach cumas	Úsáideoirí a bhfuil níos mó taithí acu, faigheann siad go bhfuil an cineál seo comhéadain níos fadálaí le húsáid
Iomasach	Glacann sé a lán spás stórála
Ní gá treoracha casta a fhoghlaim lena úsáid	Tá níos mó cumhacht próiseála de dhíth air ná ar chomhéadain eile

Comhéadan Teanga Nádúrtha

Sa chomhéadan seo labhraíonn an t-úsáideoir nó clóscríobhann an t-úsáideoir ina ghnáth-theanga laethúil le hidirghníomhú a dhéanamh leis an ríomhaire.

Mar shampla, roinnt feidhmchláir ar nós bogearraí aithint urlabhra, glacann siad le focail labhartha agus déanann siad iad a aistriú ina dtéacs ar an ríomhaire. Tá stór focal i bhfad níos leithne ag na feidhmchláir seo ná mar atá ag an chomhéadan dialóige.

Buntáistí	Míbhuntáistí
Níl oiliúint ar bith de dhíth leis an chomhéadan a úsáid	Ní thig leis an chomhéadan orduithe a thuiscint ach amháin orduithe ar cláraíodh é lena dtuiscint
Níos mó solúbthachta ná comhéadan dialóige	Fadhbanna ag tuiscint canúintí áitiúla agus béarlagair
Fóirsteanach do dhaoine a bhfuil míchumas orthu	B'fhéidir go mbeadh oiliúint de dhíth ar chomhéadan gutha ionas go n-aithneodh na bogearraí an méid atá an t-úsáideoir a rá

Comhéadan Traiceála Gluaisne

An cineál seo comhéadain, baineann sé úsáid as braiteoirí le monatóireacht a dhéanamh ar ghluaisní láimhe agus cinn. Oibríonn sé le réaltacht fhíorúil agus is teicneolaíocht measartha nua é. Déanann sé digitiú ar do ghluaiseacht le húsáid i mbogearraí.

Buntáistí	Míbhuntáistí
Tugann sé taithí fíorshaoil de staid	Tá an teicneolaíocht de dhíth ar nós fearais chinn agus fearais láimhe le ligean don úsáideoir idirghníomhú leis
Furasta a úsáid mar go n-úsáideann sé gluaiseachtaí nádúrtha	Is féidir leis an tsláinte agus an tsábháilteacht bheith ina gcúis imní – ní mór d'úsáideoirí eolas a bheith acu ar an spás thart timpeall orthu agus iad ag caitheamh fearas cinn

Scáileán Tadhaill

Is féidir scáileáin tadhaill a fháil ar a lán gléasanna móibíleacha amhail fón cliste nó ríomhaire táibléid.

Feidhmíonn siad trí mhéar a úsáid leis an scáileán a thadhall. Braitheann an comhéadan an áit a gcuirtear brú i bhfeidhm ar an scáileán agus leanann ar aghaidh leis an treoir a fhreagraíonn dó. Chomh maith le tapáil, is féidir leis an scáileán svaidhpáil agus pinseáil a bhrath.

Samplaí: Tá scáileán tadhallíogair ag na huathmheaisíní bainc, mar is féidir leat úsáid a bhaint as do mhéar le seirbhís a roghnú amhail airgead a tharraingt amach, do chuntas a fheiceáil nó ráiteas a ordú.

Bíonn scáileáin tadhallíogaire ag Bothanna Priontála Grianghraf, a ligeann duit do chuid grianghraf a phriontáil ó ghaireas. Is féidir leat méideanna difriúla grianghraf a roghnú, an páipéar a úsáidtear agus na cáinníochtaí atá de dhíth.

Buntáistí	Míbhuntáistí
Furasta a úsáid d'úsáideoirí gan taithí agus le taithí araon	Is féidir leis éirí salach, go háirithe nuair a úsáidtear in áiteanna poiblí é
Is féidir é a úsáid i réimse áiteanna difriúla	Ní thig leis ach roghanna teoranta a thairiscint
Níos sláine in áiteanna poiblí ná méarchlár agus luch	An gá le ciall na ndeilbhíní a thuiscint

Cur síos ar cheisteanna a bhaineann le dearadh inrochtaineachta nuair a bhíonn feidhmchlár digiteach á fhorbairt

Is cuma cad é an comhéadan atá á dhearadh nó á úsáid, is den tábhacht go bhfuil úsáideoirí ábalta é a úsáid. Ba chóir go mbeadh comhéadan furasta le húsáid ag úsáideoirí de gach ábaltacht.

Ceisteanna ar chóir iad a thabhairt san áireamh:
- Aiseolas – ag ligean don úsáideoir a fháil amach an bhfuil siad ag úsáid an chomhéadain mar is ceart
- Iomasach – deilbhíní nó siombailí sothuigthe a úsáid ionas gur féidir le húsáideoirí a thomhas cad é a dhéanfaidh siad
- Comhsheasmhacht de dhearadh – ligeann sé d'úsáideoirí a gcuid scileanna a aistriú ó fheidhmchláir a d'úsáid siad roimhe

Cuir síos ar cheisteanna a bhaineann le forbairt pacáistí digiteacha atá comhoiriúnach ar réimse d'ardáin

Is é is comhoiriúnacht bogearraí ann, an cumas ag bogearraí rith ar chineálacha difriúla córas oibriúcháin. Agus bogearraí á bhforbairt, is den tábhacht gan dearmad a dhéanamh go bhféadfadh úsáideoirí bheith ag amharc ar na bogearraí ar roinnt ardán difriúla.

Leabharliosta

http://www.teach-ict.com/gcse_new/computer%20systems/user_interface/miniweb/index.htm

© CCEA 2019